**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0397/2023**

5.12.2023

# TUARASCÁIL

maidir le domhain fhíorúla – deiseanna, rioscaí agus impleachtaí beartais don mhargadh aonair
(2022/2198(INI))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Pablo Arias Echeverría

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................11

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ..................................................................................................................................13

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS ..................................14

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........20

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........21

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le domhain fhíorúla – deiseanna, rioscaí agus impleachtaí beartais don mhargadh aonair**
**(2022/2198(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, arna mhionsaothrú ina Bharúil Ghinearálta Uimh. 25 maidir le cearta an linbh i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0397/2023),

A. de bhrí go bhfuil claochlú, nach raibh a leithéid ann riamh cheana, ag tarlú sa domhan mar gheall ar an digitiú, rud atá ag déanamh athruithe móra ar gach gné dár saol eacnamaíoch, polaitiúil agus sóisialta;

B. de bhrí leis an digitiú go bhfuil neart deiseanna i réimsí amhail leigheas, cultúr, oideachas, an geilleagar, slándáil agus forfheidhmiú an dlí agus go bhfuil sé d’acmhainn aige rannchuidiú le réiteach a fháil ar fhadhbanna domhanda a bhaineann leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas, leis an inbhuanaitheacht chomh maith le próisis agus rochtain ar oideachas agus ar eolas a dhaonlathú; de bhrí go gcuirtear deiseanna nua ar fáil leis freisin chun próiseas an aistrithe a chur chun cinn i dtreo sochaithe níos inbhuanaithe agus níos córa má threoraítear sa treo ceart é leis na beartais iomchuí; de bhrí go bhfuil gá fós le hinfheistíocht shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach, a bhfuil tionchar aici ar 46 % de mhuintir na hEorpa faoi láthair;

C. de bhrí go bhfuil dúshláin shuntasacha ag baint leis an gclaochlú digiteach freisin a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathbhreithniú a dhéanamh ar na coincheapa agus na noirm a bhí mar bhonn agus mar thaca ag ár ndul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta go dtí seo agus ag an am céanna ár gcroíphrionsabail agus ár mbunluachanna amhail beartais chultúrtha agus dlí cóipchirt a choinneáil slán; de bhrí go bhfuil comhchruinniú iomarcach margaidh tugtha faoi deara sa gheilleagar digiteach; á chur i bhfáth gur gá spleáchais theicneolaíocha ar thíortha nach bhfuil san Aontas a laghdú trí dhul i dtreo cur chuige Eorpach i leith na ndomhan fíorúil, lena n-áirítear oibreoirí níos mó agus níos lú ar leibhéil éagsúla den slabhra luacha;

D. de bhrí, in AE, gur spreag feasacht ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar na dúshláin a bhaineann le carnadh cumhachta ag ollchuideachtaí digiteacha an gá atá le cothrom iomaíochta a athbhunú sa mhargadh digiteach, as a n-

eascraíonn gníomhaíocht pholaitiúil agus reachtach; de bhrí go bhfuil na haistrithe glasa agus digiteacha ina réimse tosaíochta gníomhaíochta agus ceaptha beartais ag institiúidí AE, lena mbunaítear rialacha i gcomhréir le luachanna AE, prionsabail an chothromais agus na hiomaíochta córa, agus cearta bunúsacha, agus uathriail straitéiseach agus neamhspleáchas á n-áirithiú ag an am céanna;

E. de bhrí go bhféadfadh an t-aistriú chuig Web 4.0 agus forbairt na ndomhan fíorúil a bheith ina gcuid shuntasach de thodhchaí an digitithe agus go bhféadfadh sé a bheith ar cheann de na bunchlocha shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun an margadh aonair digiteach a chur i gcrích; á mheas gur cheart an digitiú, atá ina dhlúthchuid de Web 4.0, a chomhtháthú go comhchuí sa Mhargadh Aonair Digiteach gan bacainní a chruthú; ag aithint, cé gur féidir leis na domhain fhíorúla comhlánú a dhéanamh ar an bhfíorshaol mar uirlis bhreise, nár cheart iad a chur ina ionad agus nár cheart go n-eisiafaí tomhaltóirí mar thoradh orthu;

F. de bhrí go mbaineann rioscaí suntasacha le domhain fhíorúla i réimsí éagsúla, amhail meabhairshláinte, iomaíocht, cosaint sonraí, agus cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear do ghrúpaí leochaileacha amhail mionaoisigh, daoine scothaosta, agus daoine faoi mhíchumas; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh taighde sa réimse sin freisin; de bhrí go bhfuil dúshláin ilghnéitheacha ag baint le domhain fhíorúla freisin lena n-áirítear inneachar arna ghiniúint ag úsáideoirí, cearta maoine intleachtúla, bearta cibearshlándála agus cearta bunúsacha an duine, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; de bhrí gur féidir le taithí na ndomhain fíorúil dúshláin a chruthú do mhná; de réir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE), tá cineál éigin cibearfhoréigin fulaingthe ag bean amháin as gach deichniúr ó bhí siad 15 bliana d'aois; de bhrí go bhfuil sé ráite ag Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Foréigean in aghaidh na mBan go mbeidh 'forléiriú éagsúil agus nua ar fhoréigean ar líne in aghaidh na mban mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua'; á mheas go bhféadfadh an éagothroime idir an tomhaltóir agus an trádálaí ar líne a bheith níos measa i ndomhain fhíorúla; á chur i bhfios go láidir nár cheart teicneolaíochtaí a dhearadh chun iompraíocht tomhaltóirí a chúbláil; á thabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar líon agus ar éagsúlacht na dtáirgí, lena n-áirítear táirgí airgeadais, atá nasctha le domhain fhíorúla amhail sócmhainní fíorúla, abhatáir, agus táirgí eile a cheannach; á thabhairt chun suntais gur gá staidéir spriocdhírithe a bheith ann agus comhairliúchán a leathnú le saineolaithe i réimsí éagsúla, ón ngeilleagar go dtí an tsíceolaíocht go dtí speisialtóirí néara, chun creat reachtach a fhorbairt a bheidh oiriúnach don fheidhm sin; is díol sásaimh di obair an tionscail i ndáil leis sin agus ag cur i bhfios go láidir gur féidir níos mó a dhéanamh;

### *Prionsabail ghinearálta*

1. á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 dar teideal 'An EU initiative on Web 4.0 and virtual worlds:

   a head start in the next technological transition' [Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Web 4.0 agus domhain fhíorúla: buntáiste sa chéad aistriú teicneolaíochta eile] (COM(2023)0442); á chur i bhfios go láidir nach mór d'aon straitéis a bheith inbhuanaithe agus dírithe ar an duine, agus luachanna an Aontais Eorpaigh á gcosaint ag an am céanna;

2. ag cur sonrú sna dúshláin a bhaineann le heaspa sainmhínithe a aithnítear nó a comhaontaíodh go huilíoch ar dhomhain fhíorúla, as a n-eascraíonn easpa comhordaithe beartais ar an leibhéal náisiúnta agus os a chionn sin freisin; ag aithint iarrachtaí an Choimisiúin chun domhain fhíorúla a shainiú ar bhealach atá ailínithe le saintréithe comhthoiliúla amhail tumadh, sioncronacht agus marthanacht;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá difríocht shoiléir a dhéanamh idir na hionstraimí digiteacha atá ann cheana, agus teicneolaíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ag teacht chun cinn, bunaithe ar thaighde, staidéir láidre eolaíocha agus sainiúlachtaí teicniúla, agus an gá atá le caighdeánú na hearnála á fhiosrú ag an am céanna;

***An margadh inmheánach agus cosaint an tomhaltóra***

4. á thabhairt faoi deara, cé nach léirítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach go fóill an gá atá le gníomhaíocht reachtach bheacht, go bhfuil sé tábhachtach, mar sin féin, measúnú cúramach a dhéanamh ar na saincheisteanna go léir a bhaineann le forbairt na ndomhan fíorúil agus a gcumhdach éifeachtach leis an reachtaíocht atá ann cheana; á chur i bhfios go láidir gur féidir le fíormhargadh aonair digiteach rannchuidiú go cinntitheach le forbairt an domhain fhíorúil agus cumas an Aontais a neartú chun dul san iomaíocht ar fud an domhain; á mheas go bhfuil creat rialála soiléir, cuimsitheach, ríthábhachtach, go háirithe nuair a thagann an teicneolaíocht in aibíocht, chun machaire comhréidh a áirithiú lena mbainfear leas as acmhainneacht iomlán an domhain fhíorúil agus lena gcumasófar a bhfás eacnamaíoch;

5. á chur in iúl gur geal léi na forbairtí rialála is déanaí i ndáil leis sin, amhail an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (Rialachán (AE) 2022/2065[1]), an Ionstraim um Margaí Digiteacha (Rialachán (AE) 2022/1925[2]), agus an Ionstraim um Shonraí (2022/0047(COD)) atá ar tí a fhormhuiniú ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa; ag cur sonrú freisin sa togra le haghaidh gníomh um intleacht shaorga agus agus gníomh um chibear-athléimneachta agus an chaibidlíocht leanúnach ina thaobh sin; á mheas gur cheart don Choimisiún seiceálacha rialta a dhéanamh ar leormhaitheas agus comhsheasmhacht chreat reachtach an mhargaidh aonair dhigitigh, chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna, rioscaí nó saincheisteanna nua eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le domhain fhíorúla agus, i gcás inar gá, tograí reachtacha a chur ar aghaidh; á chreidiúint gur cheart torthaí na seiceálacha sin a dhéanamh poiblí;

6. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar dhomhain fhíorúla; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil ar an ábhar seo a dhréachtú gach 2 bhliain agus í a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle; á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar theacht chun cinn féideartha fadhbanna ar Ghréasán 4.0 atá ann cheana ar Ghréasán 3.0, amhail iomadú na bréagaisnéise, scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh, goid aitheantais dhigitigh,

---

[1] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) IO L 277, 27.10.2022, lch. 1.

[2] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) IO L 265, 12.10.2022, lch. 1.

cibearchoireacht, sárú ar chearta maoine intleachtúla, cibearsceimhlitheoireacht, mí-úsáid sonraí pearsanta, iompraíocht ionramhála nó dearadh andúileach seirbhísí digiteacha, calaois, ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, mí-úsáid ghnéasach mionaoiseach agus cibearbhulaíocht, i measc nithe eile, agus machnamh a dhéanamh ar reachtaíocht atá ann cheana, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus reachtaíocht atá ar na bacáin a bhfuil sé mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

7. á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch ag domhain fhíorúla, agus go bhfuil méadú ag teacht ar an ngá atá le hinfheistíocht sa bhonneagar riachtanach agus sa taighde, nuálaíocht agus athoiliúint agus uas-sciliú gaolmhar; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d'aidhm le costais fhoriomlána na n-infheistíochtaí sin tionchar neodrach a bheith acu ar phraghsanna deiridh do thomhaltóirí; ag aithint gur gá na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a mhéadú chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an réaltacht fhíorúil (VR), ag an réaltacht bhreisithe (AR), agus ag an réaltacht mheasctha (XR) mar theicneolaíochtaí ríthábhachtacha le haghaidh forbairt agus fás na ndomhan fíorúil, lena gcuirtear eispéiris thumthacha agus idirghníomhacha ar fáil d'úsáideoirí agus á thabhairt dá haire ag an am céanna go mbaineann dúshláin éagsúla le feidhmchláir thionsclaíocha agus le húsáid tomhaltóirí agus go bhfuil gá le cineálacha cur chuige difreáilte; á thabhairt dá haire freisin gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag forbairt roinnt samhlacha IS amhail IS giniúnach maidir le timpeallachtaí fíorúla a chruthú agus a shaibhriú; i ndáil leis an méid sin, a iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh freisin ar fhorbairt thapa na teicneolaíochta sin agus ar an tionchar atá aici ar an éiceachóras digiteach;

8. á chur i bhfios freisin go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag na forbairtí seo ar an bhfostaíocht, lena n-áirítear cruthú post nua i réimsí amhail an ailtireacht i ndomhain fhíorúla nó cruthú ábhair; á chur i bhfáth gur gá infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh athscilithe chun oideachas a chur ar an lucht saothair atá ann cheana san Aontas, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht san earnáil sin; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sna scileanna oiriúnacha agus forbairt na scileanna sin a chur chun cinn chun soláthar oibrithe cumasacha oilte a áirithiú atá oiriúnach do na poist seo in AE, agus a thábhachtaí atá sé dálaí tarraingteacha a chruthú chun na hoibrithe cumasacha ó AE a choinneáil, chun oibrithe cumasacha eachtrannacha a mhealladh agus chun fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn i gcrích AE;

á chur i bhfios go bhféadfadh tionchar dearfach agus diúltach a a bheith ag teicneolaíochtaí agus táirgí nua ar thomhaltóirí, ar a sláinte, ar a saol sóisialta agus eacnamaíoch; á thabhairt chun suntais acmhainneacht an domhain fhíorúil i suíomhanna tionsclaíocha agus gairmiúla, go háirithe maidir le hoiliúint agus fréamhshamhaltú, agus tionchair níos leithne ar oibrithe á n-aithint ag an am céanna; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go gcomhlíonfar cearta saothair agus ardleibhéal cosanta d'oibrithe;

9. á mheabhrú, cé go bhfuil formhór na gcuideachtaí atá ar thús cadhnaíochta i bhforbairt na ndomhan fíorúil bunaithe lasmuigh den Aontas, go bhfuil éiceachóras bríomhar, athraitheach laistigh den Aontas; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá do AE a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le domhan fíorúil a mhúnlú mar éiceachórais lena n-urramaítear agus lena gcuirtear chun cinn luachanna AE, cearta bunúsacha, agus an

leibhéal is airde cosanta do thomhaltóirí; ag léiriú a thábhachtaí atá sé cothrom na Féinne a chothú lena gcuirfear chun cinn leathnú fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hEorpa agus teacht chun cinn cuideachtaí iomaíocha Eorpacha, chomh maith le héiceachórais dhíláraithe agus idir-inoibritheacha;

á chur i bhfios go láidir gur gá creat beartais iomchuí a chruthú agus dul i mbun idirphlé idirnáisiúnta go háirithe le tíortha nach bhfuil san Aontas atá ar aon intinn le haghaidh cuir chuige chomhordaithe i leith na ndomhan fíorúil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé feasacht shaoránaigh na hEorpa a ardú maidir le húsáid fhreagrach sna réimsí digiteacha sin;

10. ag aithint go bhfuil domhain fhíorúla iomadúla forbartha ag gnóthais éagsúla in éagmais caighdeáin oscailte agus comhchoiteann, rialacháin agus ardáin idir-inoibritheacha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na domhain fhíorúla sin á bhforbairt faoi láthair ag líon teoranta gnóthas a bhfuil na hacmhainní agus na cistí is gá acu chun iad a fhorbairt; á mheas gur féidir le hidir-inoibritheacht agus caighdeáin oscailte rannchuidiú le cuasamhonaplachtaí nó mí-úsáid stádais cheannasaigh a dhéanann dochar do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna a chosc;

á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin chun bheith i dteagmháil le hinstitiúidí rialachais idirlín il-gheallsealbhóra atá ann cheana chun caighdeáin agus rialacha comhchoiteanna rialachais a fhorbairt; agus ag moladh don Choimisiún tacú le tionscnaimh leanúnacha il-gheallsealbhóra a bhfuil caighdeáin á bhforbairt acu faoi láthair, lena n-áirítear caighdeáin comhlachas tomhaltóirí agus eagraíochtaí eile de chuid na sochaí sibhialta; á mholadh go ndéanfaí staidéar cuimsitheach ar shaol fíorúil idir-inoibritheach; á thabhairt chun suntais an acmhainneacht a bhaineann le spásanna sonraí Eorpacha a chruthú chun domhain fhíorúla a fhorbairt;

11. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbíonn domhain fhíorúla oscailte, cuimsitheach agus inrochtana, rud a rannchuidíonn le níos mó rannpháirtíochta ó dhaoine faoi mhíchumas sa timpeallacht digiteach nua; á chur i bhfios go bhfuil an acmhainneacht ag domhain fhíorúla chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú i ngníomhaíochtaí éagsúla amhail turasóireacht fhíorúil; ag tabhairt rabhadh faoi dhúshláin fhéideartha a bheidh roimh úsáideoirí faoi mhíchumas agus iad ag idirghníomhú le domhain fhíorúla, a d’eascródh as gnéithe inrochtaineachta neamhleora nó as dearthaí nach bhfreastalaíonn ar a riachtanais shonraithe; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar oiriúnacht na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta[3] agus na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin[4] chun inrochtaineacht a áirithiú i ndomhain fhíorúla. á chur i bhfáth freisin gur gá riachtanais shonracha agus cearta sonracha leanaí a aithint;

12. á chreidiúint gur cheart don phlé faoin ngá atá le húsáideoirí i ndomhain fhíorúla a shainaithint a bheith ina réimse tosaíochta i bhforbairt na ndomhan fíorúil agus gur cheart go ndéanfaí dianmhachnamh ar leagan amach féideartha na timpeallachta digití

---

[3] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí IO L 151, 7.6.2019, lch. 70.
[4] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí IO L 327, 2.12.2016, lch. 1.

sin, agus á chur san áireamh, i gcásanna áirithe, go bhféadfadh leis an neamhainmníocht a bheith níos fearr; á chur i bhfios go bhfuil anaithnideacht sa timpeallacht dhigiteach indéanta i gcónaí faoi ainm úsáideora (ailias), agus á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gCéannacht Dhigiteach Eorpach (eID) agus as an tiachóg i ndomhain fhíorúla;

13. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé sonraí pearsanta agus príobháideachas na n-úsáideoirí a chosaint; á chur i bhfios go mb'fhéidir nach leor an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[5]chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann do chosaint sonraí i ndomhain fhíorúla; á iarraidh, agus timpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht á háirithiú, go dtabharfaí aird ar leith ar na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann le hinneachar arna ghiniúint ag úsáideoirí, chomh maith le próiseáil sonraí íogaire amhail sonraí bithmhéadracha agus iompraíochta, freagairtí mothúchánacha agus faisnéis haptach;

14. á chur i bhfios go láidir go bhfuil rannpháirtíocht sa domhan fíorúil deonach agus á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an gceart chun scriosadh buan a thabhairt isteach ionas gur féidir le tomhaltóirí a iarraidh go scriosfaí a sonraí agus a bpróifíl ó aon fheidhmchláir, cluichí ar líne agus timpeallachtaí fíorúla;

15. á mheas gur cheart aird ar leith a thabhairt ar dhearadh andúileach agus ar phatrúin dhorcha sna timpeallachtaí fíorúla sin; ag tabhairt rabhadh faoi na saincheisteanna sláinte a d'fhéadfadh eascairt as idirghníomhú le domhain fhíorúla, amhail andúil, cibearbhreoiteacht nó suaitheadh i bpatrúin chodlata; ag cur béim ar leochaileacht speisialta mionaoiseach agus daoine óga i leith na bhfadhbanna sláinte sin, lena n-áirítear na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar a bhforbairt chognaíoch, agus leagann sí béim ar an ngá atá le dearadh atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus bearta rialaithe tuismitheora chun iad a choimirciú; á mheas freisin go bhfuil gá le taighde ar thionchar na dteicneolaíochtaí a fhágann go mbíonn gá le modhnuithe díreacha agus buana ar an gcorp;

16. á mheabhrú go bhfuil an acmhainneacht ag domhain fhíorúla agus ag an tumoideachais chun cearta leanaí a chur chun cinn ar líne maidir lena n-oideachas, cumhachtú, rannpháirtíocht agus súgradh, agus gur féidir leis taithí uathúil a thairiscint a d'fhéadfadh cabhrú le mionaoisigh a ndúil san fhoghlaim a fhorbairt, mar shampla, tríd an bhfoghlaim trí shúgradh; á thabhairt dá haire gur féidir leis an rannpháirtíocht sin cabhrú leo scileanna a fhorbairt sa chomhar, sa chumarsáid, sa smaointeoireacht chriticiúil, sa nuálaíocht agus sa mhuinín; á chur i bhfáth go bhfuil deis ann aghaidh a thabhairt ar bhearna scileanna AE agus oiliúint a chur ar dhaoine tréitheacha a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cláir oideachais chun cabhrú le leanaí agus le daoine óga iad féin a chur in oiriúint d'athruithe teicneolaíochta agus chun cur chuige sláintiúil agus cothrom a ghlacadh lena gcomhcheanglaítear idirghníomhaíocht shóisialta thraidisiúnta leis an am a chaitear sa timpeallacht fhíorúil, agus na huirlisí is gá a thabhairt do thuismitheoirí chun maoirsiú agus cinntí eolasacha a

[5] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

dhéanamh nuair a cheadaíonn siad dá leanaí a bheith sa timpeallacht fhíorúil nó nuair a bhíonn baint ag a leanaí leis an gcéanna;

á thabhairt dá haire go bhfuil gá le taighde ar thionchar na réaltachta fíorúla agus teicneolaíochtaí eile ar fhorbairt chognaíoch agus iompraíochta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rioscaí ann a d'fhéadfadh a bheith ina ngné dhílis de nochtadh luath agus d'am féachana iomarcach ar scáileán, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhfolláine agus dá bhforbairt chognaíoch, fhisiciúil, shíceolaíoch agus shóisialta chuí; á áitiú go gcuirfí chun feidhme feachtais faisnéise maidir le húsáid fhreagrach scáileáin; á thabhairt chun suntais gur gá oiliúint iomchuí a chur ar oideoirí chun a áirithiú go mbeidh na scileanna digiteacha agus an litearthacht dhigiteach is gá acu; á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a spreagadh ina bhfuil ollscoileanna, scoileanna innealtóireachta agus comhpháirtithe tionscail chun measúnú a dhéanamh ar na bearnaí scileanna, treochláir a chomhdhearadh agus comhar poiblí-príobháideach a neartú ar mhaithe leis an aos óg san Aontas; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an leibhéal is airde cosanta a thugtar do mhionaoisigh i dtimpeallachtaí eile as líne agus ar líne a leathnú chuig domhain fhíorúla i gcoinne rioscaí éagsúla, lena n-áirítear mí-úsáid, ciapadh, bulaíocht, agus nochtadh d'inneachar foréigneach, gnéasaíoch, ciníoch nó pornagrafach, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; á chur i bhfáth gur gá riachtanais shonracha, leochaileachtaí agus cearta leanaí i ndomhain fhíorúla a aithint; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé seirbhísí agus táirgí ar líne a ndéanann leanaí rochtain orthu den chuid is mó agus atá sábháilte do leanaí trí dhearadh agus trí réamhshocrú a dhearadh agus a oibriú;

17. á thabhairt dá haire go nginfidh domhain fhíorúla íomhánna, grafaicí agus físeáin ardtaifigh chun eispéiris úsáideora thumthacha a chumasú, a mbíonn bonneagar ardfheidhmíochta ag teastáil uathu; á thabhairt dá haire, go háirithe, go mbeidh an chéad ghlúin eile de líonraí móibíleacha, chomh maith le naisc éifeachtacha Wi-Fi, amhail Wi-Fi 6, a bhfuil agaí folaigh ísle agus bandaleithead ard acu ríthábhachtach, chomh maith le teicneolaíochtaí amhail imeall-ríomhaireacht; ag meabhrú na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ó mhí Eanáir 2022 ina ndéantar meastachán ar an gcostas iomlán a bhaineann le 5G a chur in úsáid i mBallstáit uile an Aontais le bheith idir EUR 281 bhilliún agus EUR 391 bhilliún faoi 2025, lena n-áirítear bonneagar nua 5G a thógáil agus an bonneagar atá ann cheana a nuachóiriú;

18. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach amháin go bhféadfaí grúpaí áirithe daoine nach bhfuil bunscileanna ná acmhainní acu chun páirt a ghlacadh sa timpeallacht sin, ach daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí, a eisiamh freisin trí úsáid mhéadaitheach a bhaint as domhain fhíorúla; ag cur béim ar an bhfíoras gur réamhchoinníoll d'aon chreat ar leibhéal an Aontais maidir le domhain fhíorúla é litearthacht dhigiteach agus rochtain ar idirlíon ardcháilíochta agus inacmhainne a chothú; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú fianaise-bhunaithe a dhéanamh ar conas is féidir a áirithiú go ndéanfar an bonneagar is gá agus na gléasanna is gá chun tacú le forbairt agus feidhmiú na ndomhan fíorúil, agus an t-aistriú ó Web 3.0 go Web 4.0 a sheachadadh do thomhaltóirí, lena n-áirítear i gceantair iargúlta agus i dteaghlaigh ar ioncam íseal; á thabhairt chun suntais go bhfuil fíormhargadh aonair teileachumarsáide ríthábhachtach sa dóigh seo; ag tabhairt rabhadh faoi chontúirtí na n-idirbheart airgeadais a bhaineann le criptea-airgeadraí, go háirithe calaois agus camscéimeanna, a d'fhéadfadh a bheith níos measa i ndomhain fhíorúla; á mheabhrú

freisin go bhfágann do-athraitheacht go leor idirbheart criptea-airgeadra go bhfuil bealaí nua don gheilleagar comhthreomhar freisin agus gur ar éigean go mbíonn ceart cúláirigh, más ann in aon chor dó, ag íospartaigh calaoise as an bhféidearthacht cistí caillte a aisghabháil; á chur in iúl gur geal léi Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCA)[6], arb é is aidhm leis creat dlíthiúil a bhunú maidir le criptea-airgeadraí agus sócmhainní digiteacha;

***Inbhuanaitheacht***

19. á chur i bhfios go mbíonn acmhainní amhail mianraí tearc-chré agus amhábhair mianraí eile ag teastáil le haghaidh tháirgeadh na ngaireas is gá chun rochtain a dhéanamh ar dhomhain fhíorúla; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, tíolacadh an togra le haghaidh rialacháin ón gCoimisiún lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú (COM(2023)0160);

20. á thabhairt dá haire go bhféadfadh domhain fhíorúla agus Web 4.0 rannchuidiú ar bhealach dearfach leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, mar shampla tríd an gcianobair a éascú, rud a laghdóidh an chomaitéireacht agus na hastaíochtaí carbóin lena mbaineann; á thabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag bonneagair líonra lena gcumasaítear réitigh dhigiteacha agus samhlacha nua gnó;

21. á mheas gur cheart an tionchar ar an gcomhshaol a chur san áireamh agus domhain fhíorúla á bhforbairt agus á imlonnú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé feasacht tomhaltóirí a mhúscailt maidir le tionchar comhshaoil agus inbhuanaitheacht na dteicneolaíochtaí nua sin, lena n-áirítear dramhaíl leictreonach; á thabhairt dá haire, de réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh, gurb ionann tomhaltas leictreachais ag lárionaid mhóra sonraí agus 1-1.5 % d'úsáid leictreachais dhomhanda faoi láthair, á thabhairt le fios go bhféadfadh méadú teacht ar thomhaltas leictreachais lárionaid sonraí i gcás ina nglacfar teicneolaíochtaí fíorúla domhanda ar mhórscála; á mheabhrú gur gá dul chun cinn teicneolaíoch a úsáid, a luathú agus a dhreasú chun tomhaltas fuinnimh agus lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, úsáid agus forbairt na ndomhain fíorúil a laghdú, amhail ardteicnící athchúrsála agus foinsí fuinnimh in-athnuaite;

°

° °

22. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle, agus chuig parlaimintí agus rialtais na mBallstát.

[6] IO L 150, 9.6.2023, lch. 40.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### Nótaí tosaigh

Cuireann an Rapóirtéir in iúl gur geal leis Teachtaireacht ón gCoimisiún 0442(2023). Is feiniméan í an fhorbairt ar Web 4.0 atá ar siúil ar fud an domhain cheana agus tá acmhainneacht eacnamaíoch ollmhór i gceist léi; faoi 2024, d’fhéadfadh méid margaidh na meiteachruinne a bheith chomh mór le $800 billiún[1], agus faoi 2032 d’fhéadfadh sí a bheith ina siocair le 2.8 % de OTI an domhain[2]. Ní mór don Aontas Eorpach a bheith réidh glacadh lena forbairt chomh luath agus is féidir lena áirithiú nach dtiteann sé chun deiridh arís sa **rás digiteach domhanda**.

### An Modh Eorpach

Creideann an Rapóirtéir gur cheart don Aontas Eorpach an bunús a shocrú chun **aistriú éasca chuig ré dhigiteach Web 4.0** a áirithiú agus chun na botúin chéanna a rinneadh san aistriú teicneolaíochta roimhe a sheachaint. Ní mór don aistriú do Web 4.0 a bheith bunaithe ar an modh Eorpach, a thugann urraim ar **na prionsabail agus luachanna Eorpacha** amhail cosaint sonraí, príobháideachas agus slándáil, agus a thugann áit lárnach do shaoránaigh, go háirithe do **mhionaoisigh**. Trí dhéileáil ar an mbealach sin leis an aistriú digiteach, tá an tAontas Eorpach curtha chun tosaigh i réimse na rialála digití, agus féachann formhór na réigiún ar domhan ar an Aontas Eorpach mar dhea-shampla le leanúint. Ba shampla soiléir é RGCS de seo. Mar sin féin, tagann a lán maorlathais agus próisis reachtacha fhadálacha leis an modh Eorpach chun an domhan digiteach a rialáil, rud a d’fhéadfadh srian a chur ar **an nuálaíocht agus ar an bhforbairt teicneolaíochta**. Iarrann an Rapóirtéir ar institiúidí an Aontais Eorpaigh dá bhrí sin an cothromaíocht cheart a lorg idir reachtaíocht láidir a ráthaíonn cearta bunúsacha agus éiceachóras solúbtha a chuireann forbairt Web 4.0 chun cinn.

### Idir-inoibritheacht

Creideann an Rapóirtéir nach mór go mbeidh domhain fhíorúla bunaithe ar phrionsabal **na hidir-inoibritheachta**, a chumasaíonn idirnasc idir ardáin, córais agus gairis, ionas gur féidir le malartuithe faisnéise agus idirghníomhú saoráideach a bheith ann. Rannchuideoidh idir-inoibritheacht le **cothrom iomaíochta** a chruthú le haghaidh forbairt na ndomhan fíorúil san Aontas Eorpach. Faoi láthair, tá cuideachtaí móra teicneolaíochta, go háirithe sna Stáit Aontaithe agus in Oirthear agus Oirdheisceart na hÁise, ina gceannasaithe i bhforbairt na ndomhan fíorúil. Déanfaidh **caighdeáin oscailte** agus idir-inoibritheacht gaireas agus ardán rochtain ar dhomhain fhíorúla a éascú do gach imreoir.

### Acmhainneacht an líonra

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go mbeidh domhain fhíorúla an-**dian ar shonraí**, agus go mbíonn ardghléine ag teastáil ó na teicneolaíochtaí is gá, amhail réaltacht bhreisithe, réaltacht fhíorúil agus réaltacht mheasctha. Táthar ag dréim le méadú faoi fhiche ar úsáid sonraí le linn na 10 mbliana seo agus le méadú an-suntasach freisin ar thrácht sonraí. Beidh infheistíochtaí suntasacha ag teastáil dá bhrí sin chun **líonraí teileachumarsáide** a oiriúnú agus a uasghrádú.

[1] Bloomberg Intelligence, 2021.
[2] Analysis Group, 2022.

Beidh teicneolaíochtaí nua ag teastáil freisin chun na feidhmchláir nua, a thiocfaidh ar an bhfód le domhain fhíorúla, a éascú. Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth go mbeidh ar an Aontas Eorpach bealach a aimsiú chun líonraí cumhachtacha 6G a áirithiú a chumasaíonn domhain fhíorúla.

**Inrochtaineacht agus cuimsiú**

Don Rapóirtéir, tá sé tábhachtach gur éiceachóras oscailte iad na domhain fíorúla, atá inrochtana do gach duine ar bhonn cothrom. Go réalaíoch, áfach, is féidir le domhain fhíorúla dúshláin **inrochtaineachta** agus **cuimsithe** a chruthú. Is féidir le roinnt gnéithe rochtain na saoránach ar dhomhain fhíorúla a shocrú, amhail a suíomh geografach, a stádas soch-eacnamaíoch, a scileanna digiteacha, nó a riocht fisiceach (féadfaidh deacrachtaí a bheith ag daoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a dhéanamh ar dhomhain fhíorúla mura bhfuil siad oiriúnaithe dá riachtanais). Iarrann an Rapóirtéir go dtabharfaidh forbróirí na ndomhan fíorúil agus rialtóirí aghaidh ar na gnéithe sin.

**Focal scoir**

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil cumas leordhóthanach ag an Aontas Eorpach, le reachtaíocht amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha nó an Gníomh um Shonraí, chun cosaint an tomhaltóra agus caighdeáin an mhargaidh inmheánaigh i bhforbairt na ndomhan fíorúil a áirithiú. Níl gá le rialáil ex novo ar dhomhain fhíorúla faoi láthair. Iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar na forbairtí a bhaineann le domhain fhíorúla agus seiceálacha oiriúnachta rialála rialta a dhéanamh ar an margadh aonair digiteach agus, i gcás inar gá, tograí reachtacha a chur ar aghaidh.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| **Entity and/or person** |
|---|
| Telefonica |
| Metaverse.eu |
| Deutsche Telekom |
| DG Connect |
| Meta |
| Écija |
| DigitalEs |
| ITI (The Information Technology Industry Council) |
| Lego |
| Qualcomm |
| Netflix |
| NowNaw |
| Improbable |
| Político (interview) |
| Coindesk (interview) |
| Videogames Europe |
| Motion Pictures Association |
| Vodafone |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

18.7.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

maidir leis an domhain fhíorúla – deiseanna, rioscaí agus impleachtaí beartais don mhargadh aonair
(2022/2198(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Laurence Farreng

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chreidiúint gur céim shuntasach i bhforbairt an idirlín iad domhain fhíorúla nó ‘meiteachruinní’ agus go bhfuil sé d’acmhainn acu tionchar a imirt ar gach réimse de shaol na saoránach, eadhon san oideachas, cultúr, na healaíona agus dearadh, ceol, siamsaíocht agus gníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí sóisialta;  á chur i bhfáth, cé nach bhfuil aon sainmhíniú caighdeánaithe ann, gur féidir iad a thuiscint mar ionsamhlú fíor-ama de spásanna tumthacha 3D nó 2D inar féidir le húsáideoirí idirghníomhú;  á chur in iúl go bhfuil sé den tuairim gur féidir le domhain fhíorúla sineirgí a ghiniúint le Gréasán 3.0;

2. á iarraidh go ndéanfadh an Aontas Eorpach straitéis chuimsitheach a ghlacadh do dhomhain fhíorúla; á chreidiúint nach mór don straitéis sin a bheith inbhuanaithe agus duinelárnach, agus luachanna AE agus cearta bunúsacha á gcosaint ag an am céanna;  á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag an straitéis seo leas a bhaint as nuálaíocht agus dul chun cinn na n-earnálacha ábhartha amhail físchluichí agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí amhail réaltacht fhíorúil (VR), réaltacht leathnaithe (XR), innill chluiche, haptaic, ar príomhbhloic thógála iad do scileanna digiteacha agus don meiteachruinne/meiteachruinní, mar aon leis na tairbhí cultúrtha, eacnamaíocha agus oideachais a eascraíonn astu;  á chur i bhfáth gur gá cur chuige idirdhisciplíneach a ghlacadh maidir le forbairt meiteachruinní Eorpacha, lena gcomhcheanglaítear teicneolaíocht agus ábhar;

3. á iarraidh go ndéanfadh AE, i bhfianaise na mbreithnithe neamhspleáchais straitéisigh arna n-ardú ag an saol fíorúil, infheistíocht leormhaith agus éifeachtúil a áirithiú sa réimse sin; á chur in iúl gur geal léi an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch um Réaltacht Fhíorúil agus Mhéadaithe a sheol an Coimisiún Eorpach mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Closamhairc;  á thabhairt dá haire go maoiníonn na cláir Fís Eorpach agus Eoraip na Cruthaitheachta tionscadail mhéadaithe agus réaltachta fíorúla araon;  á

aithint gur gá buiséid na gclár sin a mhéadú, chun straitéis shuntasach de chuid an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí tumthacha a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na cuimsitheachta agus na hinrochtaineachta ar dhomhain fhíorúla;

4. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé meiteachruinní a fhorbairt d'éiceachórais chultúrtha agus chruthaitheacha AE, mar spásanna nua don chruthaitheacht agus don léiriú, ar féidir iad a úsáid chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chur chun cinn; á áitiú go n-áiritheofar inrochtaineacht ar fud na sochaí ar mheitchruinní chun spásanna fíordhaonlathacha a dhéanamh díobh, litearthacht dhigiteach agus an ceart bunúsach chun rochtain ardcháilíochta agus inacmhainne ar an idirlíon a chothú, lena n-áiritheofar nascacht agus inrochtaineacht do chách, go háirithe daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, agus chun cuimsiú grúpaí leochaileacha a éascú;

5. á chur in iúl gur geal léi an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na domhain fhíorúla ó thaobh oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn, trína bhféadfaí taithí phearsantaithe a thairiscint d'úsáideoirí, chun críocha oideachais nó turasóireachta; á mheabhrú gur gá sócmhainní cultúrtha straitéiseacha Eorpacha agus a sláine, lena n-áirítear oidhreacht chultúrtha na hEorpa, a chosaint i ndomhain fhíorúla;

6. á thabhairt dá haire gur féidir le 'meiteachruinní' nó domhain fhíorúla a bheith faoi réir amhantraíocht eacnamaíoch, claontaí monaplacha nó comhchruinniú margaidh; á chur i bhfios go láidir gur gá bogadh i dtreo cur chuige díláraithe maidir le domhain fhíorúla na hEorpa, ina mbeidh idir oibreoirí níos mó agus oibreoirí beaga ar leibhéil éagsúla an tslabhra luacha; á chur i bhfáth nach mór do FBManna, arb ionann iad agus formhór mór[9,10] éiceachórais chultúrtha agus chruthaitheacha na hEorpa, a bheith in ann, dá bhrí sin, leas a bhaint as teicneolaíochtaí tumthacha, gan iad a bheith á gcoinneáil siar ag bacainní iontrála a rachadh chun tairbhe do chuideachtaí móra digiteacha amháin; á iarraidh go méadófaí rochtain ar chistiú do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta; á chur i bhfáth gur féidir leis sin cur le spleáchas laghdaithe ar thríú tíortha agus ceannaireacht na hEorpa a neartú;

7. á chur in iúl gur féidir le domhain fhíorúla agus teicneolaíochtaí méadaithe agus réaltachta fíorúla tionchar suntasach a imirt ar an oideachas agus ar an taighde trí athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a bhfaighimid eolas; á chur i bhfáth gur féidir le meiteachruinní léirshamhlú níos fearr a dhéanamh ar inneachar oideachais, ar ardú feasachta agus ar dheiseanna méadaithe maidir le comhoibriú idir foghlaimeoirí agus oideoirí, chomh maith le bheith ina bhfoirm chun cianfhoghlaim agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht ag domhain fhíorúla daoine aonair a chumhachtú agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh tríd an oideachas, litearthacht dhigiteach a chur chun cinn i measc grúpaí uile na sochaí agus neamhionannais a laghdú;

8. á chreidiúint gur cheart go mbeadh forbairt domhain fhíorúla i gcomhthráth le feasacht shaoránaigh na hEorpa a ardú maidir lena n-úsáid fhreagrach; á iarraidh go ndéanfadh AE infheistíochtaí leordhóthanacha a áirithiú i réimse na litearthachta digití chun

[9] Rún an 11 Nollaig 2018 maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua don Chultúr (IO C 388, 13.11.2020, lch. 30).
[10] EY, *Rebuilding Europe: The cultural and creative economy before and after the COVID-19 crisis*, [An Eoraip a atógáil: Geilleagar an chultúir agus na cruthaitheachta roimh ghéarchéim COVID-19 agus ina diaidh], 2021.

forbairt na smaointeoireachta criticiúla a chur chun cinn i measc úsáideoirí sa domhan digiteach;

9. ag cur béim ar an ngá práinneach atá ann oideachas STEAM a chothú, scileanna a bhaineann le cruthú cultúrtha agus ealaíonta, oiliúint agus uas-sciliú oibrithe i réimse na ndomhan fíorúil, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), a bhfuil gach ceann acu ríthábhachtach chun meiteachruinní a thógáil, chun tallann a chruthú agus a choinneáil laistigh den Aontas Eorpach, lena seachnófar imirce daoine oilte i dtreo margaí eile agus lena n-éascófar comhchuibhiú oiliúna agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí ar fud na mBallstát;

10. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacú le múinteoirí agus oideoirí sa phróiseas chun an t-eolas bunúsach is gá a thabhairt do mhic léinn chun déileáil leis na domhain fhíorúla ar bhealach sábháilte; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit agus AE i ndáil leis sin uas-sciliú múinteoirí a spreagadh le bheith cumasach agus inniúil ó thaobh na teicneolaíochta de;

11. á chur i bhfáth nach mór straitéis AE do dhomhain fhíorúla a ailíniú le creat iomchuí chun cosaint agus cur chun cinn maoine intleachtúla a áirithiú, go háirithe cearta agus cóipcheart na n-údar, agus á chur i bhfáth gur gá ealaíontóirí agus a gcruthaithe, oidhreacht chultúrtha agus tírdhreach na hEorpa a chosaint sna domhain fhíorúla; ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór na gcóras maoine intleachtúla sna meiteachruinní bunaithe ar theicneolaíocht bhlocshlabhra, agus á chreidiúint gur féidir le licíní neamh-idirmhalartacha a bheith ina bhfoinse nua ioncaim d'éiceachóras cultúrtha AE;

12. ag tabhairt dá haire gur féidir ardleibhéil tomhaltais fuinnimh a bheith ina saintréithe de mheiteachruinní agus de theicneolaíochtaí digiteacha coimhdeacha; á chur i bhfáth nach mór do straitéis AE do dhomhain fhíorúla measúnú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil agus ar inbhuanaitheacht na dteicneolaíochtaí nua sin, lena n-áirítear trí fheasacht na saoránach ar an tionchar sin a ardú;

13. á mheas gur féidir le domhain fhíorúla rioscaí a chruthú freisin, agus gur cheart na spásanna sin a rialáil chun aon mhí-úsáid a bhaineann le hiompar díobhálach a chosc, amhail aon chineál ciaptha, bulaíocht, idirdhealaithe agus faireachais ar dhaoine, i dtimpeallacht dhigiteach nó mar gheall ar úsáid mhíchuí; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a áirithiú ina ndéantar an chibearshlándáil, an príobháideachas, an trédhearcacht agus cearta agus riachtanais úsáideoirí a chaomhnú agus a chosaint go cuí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanaí agus mionaoisigh a chosaint sna domhain fhíorúla, trí chur chun feidhme críochnúil na reachtaíochta agus na straitéisí Eorpacha atá ann cheana amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[11] agus an straitéis nua Eorpach le haghaidh idirlíon níos fearr do leanaí (BIK+), chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht, chun an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach a chosaint, chun sábháilteacht ar líne a áirithiú agus chun úsáid dhearfach na meiteachruinní a chur chun cinn;

14. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún machnamh ar thionchar a reachtaíochta digití cothrománaí, amhail an Gníomh um Intleacht Shaorga, ar an gcultúr, lena n-áirítear

[11] Rialachán (AE) 2022/2065 an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

sainmhíniú agus úinéireacht saothar cultúrtha agus acadúil, agus tionscnaimh sa réimse sin a chur i láthair, más gá, chun éiceachóras cultúrtha agus cruthaitheach na hEorpa a choimirciú agus a chur chun cinn;

15. á thabhairt dá haire gur cheart forbairtí amach anseo ar an saol fíorúil a threorú le prionsabail eiticiúla agus duinelárnacha, i gcomhréir le reachtaíocht AE amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[12], an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha[13] agus an Treoir maidir le Cóipcheart[14]; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún dlúthfhaireachán leanúnach ar fhorbairt dhomhain fhíorúla a áirithiú, chun saincheisteanna agus dúshláin a shainaithint a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus nach dtugtar aghaidh orthu leis an gcreat dlíthiúil reatha nó a bhféadfadh tuilleadh comhchuibhithe a bheith ag teastáil ina leith i measc na mBallstát;

16. á aithint a thábhachtaí atá fóraim iltaobhacha i dtopaicí a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leo amhail an méid sin, agus spreagann sí an Coimisiún cur chuige comhordaithe a ghlacadh leis na Ballstáit maidir le rannchuidiú le hiarrachtaí tábhachtacha idirnáisiúnta um chaighdeánú, amhail 'Fóram na gCaighdeán Meiteachruinne', chomh maith le tionscnaimh ghaolmhara eile laistigh de ECFE agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail ITU agus ISO;

17. á chur i bhfios go láidir a fhiúntaí atá na moltaí ó phainéal shaoránaigh na hEorpa maidir leis na domhain fhíorúla agus meabhraíonn sí an Treoirthionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa atá ar siúl faoi láthair *'A space for the metaverse'* [Spás don Meiteachruinne], lena rannchuideofar le líonra Eorpach idirdhisciplíneach saineolaithe, smaointeoirí agus ceannairí a chruthú chun meiteachruinní a fhorbairt ar bhealach eiticiúil agus daonlathach.

[12] Rialachán (AE) 2016/679 an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).
[13] Rialachán (AE) 2022/1925 an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).
[14] Treoir (AE) 2019/790 an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 0<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Christine Anderson, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Martina Michels, Niklas Nienass, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Ibán García Del Blanco, Rob Rooken, Marc Tarabella |
| **Substitutes under Rule 209(7) present for the final vote** | Angel Dzhambazki, Erik Marquardt |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 25 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Rob Rooken |
| NI | Andrea Bocskor, Marc Tarabella |
| PPE | Asim Ademov, Isabella Adinolfi, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| Verts/ALE | Romeo Franz, Erik Marquardt, Niklas Nienass |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Christine Anderson |
| The Left | Niyazi Kizilyürek, Martina Michels |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : abstention

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 2<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francisco Guerreiro, Ivars Ijabs, Kosma Złotowski, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Petar Vitanov, Stefania Zambelli |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 31 | + |
|---|---|
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann, Stefania Zambelli |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Ivars Ijabs, Róża Thun und Hohenstein, Marco Zullo |
| S&D | João Albuquerque, Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose, Petar Vitanov |
| The Left | Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Francisco Guerreiro, Kim Van Sparrentak |

| 2 | - |
|---|---|
| NI | Miroslav Radačovský |
| Verts/ALE | Marcel Kolaja |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek, Kosma Złotowski |
| ID | Alessandra Basso, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| The Left | Kateřina Konečná |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh